Sa 15ú haois, in éineacht le fíonghoirt, d'éirigh an nós 'piantata' maidir le hilchuraíocht forleathan, agus bhain sé buaicphointe amach san 18ú haois nuair a tugadh isteach méiteagáiste, mar go rabhthas ábalta barra a fhás ar thrí leibhéal a bhuí leis: ar an leibhéal is airde bhí crainn, crainn a tháirg torthaí, duilleoga agus adhmad; ar an leibhéal idirmheánach bhí na gais fíniúna agus na triopaill fíonchaor; agus ar an talamh den chuid is mó fásadh pónairí nó barra luibheacha eile nár theastaigh mórán solais uathu.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gur tháinig meath eacnamaíoch agus sóisialta a mhair tréimhse fhada ar Romagna le linn riail na pápachta (tiarnas pápach a bhí ann ó 1559 go 1796 agus ó 1815 go 1860). Chuaigh an meath sin i bhfeidhm ar an bhfíonsaothrú freisin, sa mhéid gur thuairiscigh Coimisiúin Chúige an Lárchoiste um Chineálacha Fíniúna faoi dheireadh an 19ú haois go raibh an fíonsaothrú i ndroch-chaoi amach agus amach, agus raibh cineálacha iomadúla fíniúna agus easpa teicneolaíochta ann.

Is cinnte nár tháinig feabhas ar an scéal i ndiaidh theacht na coinclí púdraí, na coinclí clúmhaí agus na fiollocsaeire as Meiriceá. I ndiaidh an Chéad Chogaidh Dhomhanda, cuireadh tús le hathstruchtúrú na bhfíonghort a bhí scriosta ag an bhfiollocsaeire, agus cuireadh srian nach beag ar líon na gcineálacha fíniúna. Níor tharla sé go dtí na 1960í, áfach, go raibh forbairt theicniúil agus theicneolaíoch níos suntasaí ann agus gur tháinig feabhas ar fhíonsaothrú Romagna. Le srathú an eolais agus na taithí i dtraidisiún seanbhunaithe cuireadh ar a chumas do Romagna leibhéal maith cáilíochta a bhaint amach sna 1990í, nuair a bhí réimse cineálacha fíona ábalta freastal ar riachtanais is éagsúla tomhaltóirí.

(B) Faisnéis faoi cháilíocht shonrach an táirge is féidir a chur i leith an tionscnaimh gheografaigh

Traidisiún seanbhunaithe is ea táirgeadh fíonta súilíneacha agus leathshúilíneacha, a bhfuil borradh curtha faoi le feabhsuithe teicniúla agus teicneolaíochta a rinneadh le déanaí. Mar gheall ar an gcúram ar leith a thugtar le linn na gcéimeanna fáis, buainte agus fíonóireachta is féidir bunfhíonta úra glana a fháil, as a dtagann, leis an bpróiseas coipthe tánaisteach dea-bhainistithe ina dhiaidh sin, fíonta súilíneacha agus leathshúilíneacha a bhfuil foirfeacht agus galántacht ar leith ag baint leo.

Tá dlúthnasc idir cáilíocht na bhfíonta súilíneacha, na bhfíonta leathshúilíneacha agus na n-úrfhíonta fíonchaor páirtchoipthe agus meascán cineálacha an limistéir, a tháirgeann fíonchaora a bhfuil a saintréithe oiriúnach ó thaobh na teicneolaíochta de chun na cineálacha sin fíonta a dhéanamh. Ina theannta sin, ba chuidiú mór í forbairt na modhanna chun fíon leathshúilíneach agus súilíneach a dhéanamh, trí fheabhas a chur ar na modhanna níos traidisiúnta (sa bhuidéal) agus/nó trí úsáid a bhaint as trealamh úrscothach, é maidir le cáilíocht an táirge deiridh a ardú.

Tá an rud céanna fíor maidir leis na húrfhíonta fíonchaor páirtchoipthe, bídís ina bhfíonta geala, ina bhfíonta dearga nó ina bhfíonta *rosé*, a tháirgtear trí úsáid a bhaint as modh Charmat (nó Martinotti) chun úire a chur sa táirge deiridh mar aon le neart alcóil measartha.

Tá saintréithe cáilíochta catagóirí na dtáirgí fíniúna sin mar thoradh ar an idirghníomhaíocht idir na saintréithe timpeallachta (aeráid mheasartha, ghaofar agus difríochtaí maithe teochta agus ithir mhaith), cáilíochtaí teicneolaíochta na gcineálacha fíniúna agus scil na saothróirí fíona maidir leis na teicnící fáis agus fíonóireachta a roghnú.

I mbeagán focal, is é sin coincheap an 'terroir', i gcás inarb ionann táirge agus léiriú an naisc chúisigh leis an tionscnamh geografach.

C) Tuairisc ar an idirghníomhaíocht chúisíoch idir na mionsonraí dá dtagraítear i bpointe A agus na mionsonraí dá dtagraítear i bpointe B

Ba cheart a mheabhrú freisin, in éineacht lena thraidisiún tábhachtach fíonsaothrúcháin, gurb é Romagna tobar na feirmeoireachta torthaí nua-aimseartha freisin, agus toisc nach mbaineann a oiread riachtanas le fíniúnacha i ndáil le crainn torthaí, ní fhástar fíniúnacha ach ar na hithreacha is lú torthúlacht, mar atá ar leicne cnoic agus ar ithreacha 'crua' an mhachaire.

Mar gheall ar an ngrádán teirmeach idir na cnoic agus na machairí agus ar an mbogthaise níos airde sa limistéar machairí, tá feirmeoirí ísealchríche ábalta cineálacha fíniúna atá níos caoinfhulangaí ar lobhadh a roghnú, agus coinnítear na cineálacha luatha lena bhfás ag leibhéil níos airde agus ar na fánaí a bhfuil a n-aghaidheanna dírithe níos mó ó thuaidh i limistéar fíonsaothrúcháin Romagna.

Mar gheall ar aeráid an fhómhair ar minic í measartha fionnuar, bhí sé riachtanach san am atá thart na fíonchaora a thriomú chun feabhas a chur ar shaintréithe comhdhéanaimh na bhfíonta, agus dá bhrí sin ar theicníc an rísínithe.

Thairis sin, mar gheall ar an mbuaint measartha déanach, agus fómhair fhuara ina dhiaidh sin, choinnigh an fíon méid áirithe siúcra iarmharach le linn an gheimhridh agus, nuair a cuireadh i mbuidéil é, thosaigh sé ag coipeadh arís go luath i dteas an earraigh, rud as ar tháinig éifeacht nádúrtha leathshúilíneach. Mar gheall ar an gcleachtas coiteann sin, bhí meas ag muintir Romagna ar fhíonta milse agus ar fhíonta tirime araon, bídís ina bhfíonta socra, ina bhfíonta leathshúilíneacha nó ina bhfíonta súilíneacha.

Ag brath ar an tír-raon, ar an tíreolaíocht, ar an ithir agus ar an aeráid, is féidir an tsineirgíocht is fearr is féidir a aimsiú idir tosca timpeallachta agus cineálacha fíniúna chun na samplaí is fearr de na cineálacha éagsúla fíona a chumhdaítear leis an TGFC 'Rubicone' a tháirgeadh agus bunaithe ar an traidisiún áitiúil.

Catagóir an táirge fíniúna

8. Fíon leathshúilíneach

Achoimre ar an nasc

A) Mionsonraí an limistéir gheografaigh

1) Tosca nádúrtha is ábhartha don nasc

Leanann limistéar TGFC 'Rubicone' teorainneacha Romagna a bheag nó a mhór, teorainneacha a mbíonn go leor cuir agus cúitimh fúthu agus nár socraíodh riamh ó thaobh riarachán de ach lena sainítear críoch measartha aonchineálach i dtéarmaí tíreolaíochta, ithreacha agus nádúr na ndaoine, ar mhúnlaigh stair choiteann íobartha agus cruatain iad.

Áirítear i limistéar críochaithe TGFC 'Rubicone' trí chrios gheomoirfeolaíocha ar leith, an machaire glárach, na bunchnoic agus na cnoic iad féin, agus dhá bhealach éagsúla fíonsaothrúcháin bunaithe ar an dá phríomh-mhúnla stairiúla, is iad sin an modh Gréagach agus an modh Éatrúscach.

Tá bunús geolaíoch coiteann ag Aipiníní Romagna, a théann siar go dtí an Ré Threasach, agus is éard atá iontu, tríd is tríd, foirmíochtaí aolchloiche agus cré. Is í an fhoirmíocht gheolaíoch is sainiúla in Romagna, mar gheall ar a mhéid, an fhoirmíocht ghainmheach mharla, banda a bhfuil éagsúlacht ina leithead ina bhfuil sraitheanna ailtéarnacha turbaidíte agus gaineamhchloch marla i ndiaidh a chéile. Le linn na tréimhse Meisianaí, nuair a scoitheadh an Mheánmhuir ón Aigéan Atlantach, sil-leagadh carraigeacha gailíte (cailc, ainhidrít agus cloch shalainn), atá le feiceáil go soiléir in Romanga in Vena del Gesso ['féith chailce'].

Ansin tháinig sil-leagain an Phléicéinigh, ar sil-leagain chréúla iad den chuid is mó, ar minic a bhaineann gnáth-thírdhreach clasáin leo a fhaightear sna gleannta ísle.

Is ón Ré Ceathartha dhéanach an talamh sna bunchnoic, a bhíonn cothrom den chuid is mó; is minic a bhíonn sé an-fhorbartha agus is gnách go mbíonn sé dícharbónaithe.

Leis an tsraith sin carraigeacha, mar gheall ar chreimeadh nádúrtha agus idirghabháil an duine, táirgeadh ithreacha cailcreacha, créúla agus measctha a bheag nó a mhór agus, ithreacha iarmharacha de chomhdhéanamh ilchineálach i gcás inar tharla imeacht le sruth agus creimeadh ceimiceach.

Is éard atá sa mhachaire, ar de bhunadh glárach é, ithreacha ag a bhfuil uigeacht idir dúrabhán agus chré, agus sraith iomlán de chomhdhéanaimh idirmheánacha ar éirigh le muintir Romagna iad a mheaitseáil le barra den scoth i gcónaí.

Dá bhrí sin, áirítear i limistéar an TGFC réimse leathan tír-raon, ach tá siad sin measartha aonfhoirmeach laistigh de na bandaí ag a bhfuil leithead éagsúil a ritheann go comhthreomhar le hiomaire na nAipiníní agus atá measartha cosúil le chéile ar fud na gcúigí éagsúla lena mbaineann: Bologna, Ravenna, Forlì-Cesena agus Rimini (líon níos lú ithreacha gainmheacha marla).

Ó thaobh na haeráide de, cuireann innéacs Winkler luachanna méadaitheacha ar fáil ó na hAipiníní i dtreo an mhachaire; titeann siad arís ansin i dtreo an chósta mar gheall ar éifeacht mhaolaitheach na farraige.

Athraíonn na leibhéil teochta agus frasaíochta de réir airde na limistéar éagsúil. Athraíonn an aeráid ó aeráid mheasartha fho-ilchríochach sa limistéar cnocach (an mórlimistéar le haghaidh fíonsaothraithe) go haeráid mheasartha fhionnuar sna hardchnoic, agus titeann an mheánteocht bhliantúil ó 12-14 °C go 8-10 °C agus níos ísle fós sna hAipiníní arda. Bíonn an aeráid níos ilchríochaí ar an machaire, agus bíonn na meánteochtaí bliantúla ann thart ar 14-16 °C, bíonn na dálaí sách gaofar agus d'fhéadfadh innéacs Winkler a bheith suas le thart ar 2 400 lá céime, i gcomparáid le 1 800-2 200 lá céime sna criosanna ina mbíonn airdí éagsúla agus sna cnoic. Áirithítear leis na dálaí sin go mbaintear an aibíocht is fearr amach leis na cineálacha éagsúla fíniúna a fhástar in Romagna.

Bíonn an fhrasaíocht bhliantúil idir 600 agus 800 mm bíonn sí annsan fhómhar den chuid is mó agus san earrach, ach ní a oiread céanna. Maolaítear an strus maidir le huisce i rith an tsamhraidh mar gheall ar ard-bhogthaise choibhneasta aeir, infhaighteacht uisce dromchla, ithreacha doimhne agus de bharr go dtiteann níos mó báistí sna cnoic agus go mbíonn an bháisteach scaipthe go cothrom.

Cuidíonn na tosca ithreach agus aeráide sin le limistéar geografach iomlán TGFC 'Rubicone' a dhéanamh an-oiriúnach don fhíonsaothrú.

2) Tosca daonna is ábhartha don nasc

A bhuí le huiscebhealach tábhachtach amhail Abhainn an Po agus cóngaracht na farraige tháinig sibhialtachtaí éagsúla go Romagna agus, thug siad cineálacha éagsúla fíniúna agus teicnící fáis leo. Gan amhras, b'éacht tábhachtach é ceansú na bhfíniúnacha fiáine ansin, rud atá le feiceáil fós sa lá atá inniu ann leis na fíniúnacha dé-éiciacha sna coillte péine cósta, ach bhí ionghabháil ghéiniteach na gcineálacha ón Meánoirthear go hábhar dúchasach ríthábhachtach do theacht chun cinn fíonchaor ar ardchaighdeán atá oiriúnach freisin do dhálaí fuara agus bogthaise amhail na cinn ar mhachairí Romagna.

Mar thoradh ar na dálaí timpeallachta sin treoraíodh na fíniúnacha ar chrainn arda, ionas go seachnódh siad na sraitheanna fuara san earrach (sioc déanach) agus an bhogthaise, rud a chothaíonn forbairt na ngalar fungasach. Sna limistéir chnocacha, áfach, bhain dálaí leis na cineálacha a tugadh isteach a bhí ní ba chosúla le dálaí a dtionscnaimh, agus bhíothas ábalta iad a threorú de réir ghnáthmhodh cuacha na Gréige a mhaireann fós anseo agus ansiúd sa lá atá inniu ann.

Tagraítear sna clasaicí Laidineacha ar fhíniúnacha thar a bheith táirgiúil sna limistéir idir Rimini agus Faenza, ach ní chiallaíonn sé sin nach bhfuil cáilíocht áirithe ag baint leis na fíonta a dhéantar astu, i bhfianaise cháil na bhfíonta 'Caesenas' agus 'Faventinum'. I ndiaidh thitim Impireacht na Róimhe, coinníodh fíonsaothrú in Romagna ar bun a bhuí le leanúnachas polaitiúil Impireacht na Róimhe Thoir agus le rannchuidiú na mainistreacha le forbairt teicnící chun feabhas a chur ar bharra.

Sa 15ú haois, in éineacht le fíonghoirt, d'éirigh an nós 'piantata' maidir le hilchuraíocht forleathan, agus bhain sé buaicphointe amach san 18ú haois nuair a tugadh isteach méiteagáiste, mar go rabhthas ábalta barra a fhás ar thrí leibhéal a bhuí leis: ar an leibhéal is airde bhí crainn, crainn a tháirg torthaí, duilleoga agus adhmad; ar an leibhéal idirmheánach bhí na gais fíniúna agus na triopaill fíonchaor; agus ar an talamh den chuid is mó fásadh pónairí nó barra luibheacha eile nár theastaigh mórán solais uathu.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gur tháinig meath eacnamaíoch agus sóisialta a mhair tréimhse fhada ar Romagna le linn riail na pápachta (tiarnas pápach a bhí ann ó 1559 go 1796 agus ó 1815 go 1860). Chuaigh an meath sin i bhfeidhm ar an bhfíonsaothrú freisin, sa mhéid gur thuairiscigh Coimisiúin Chúige an Lárchoiste um Chineálacha Fíniúna faoi dheireadh an 19ú haois go raibh an fíonsaothrú i ndroch-chaoi amach agus amach, agus raibh cineálacha iomadúla fíniúna agus easpa teicneolaíochta ann.

Is cinnte nár tháinig feabhas ar an scéal i ndiaidh theacht na coinclí púdraí, na coinclí clúmhaí agus na fiollocsaeire as Meiriceá. I ndiaidh an Chéad Chogaidh Dhomhanda, cuireadh tús le hathstruchtúrú na bhfíonghort a bhí scriosta ag an bhfiollocsaeire, agus cuireadh srian nach beag ar líon na gcineálacha fíniúna. Níor tharla sé go dtí na 1960í, áfach, go raibh forbairt theicniúil agus theicneolaíoch níos suntasaí ann agus gur tháinig feabhas ar fhíonsaothrú Romagna. Le srathú an eolais agus na taithí i dtraidisiún seanbhunaithe cuireadh ar a chumas do Romagna leibhéal maith cáilíochta a bhaint amach sna 1990í, nuair a bhí réimse cineálacha fíona ábalta freastal ar riachtanais is éagsúla tomhaltóirí.

(B) Faisnéis faoi cháilíocht shonrach an táirge is féidir a chur i leith an tionscnaimh gheografaigh

Traidisiún seanbhunaithe is ea táirgeadh fíonta súilíneacha agus leathshúilíneacha, a bhfuil borradh curtha faoi le feabhsuithe teicniúla agus teicneolaíochta a rinneadh le déanaí. Mar gheall ar an gcúram ar leith a thugtar le linn na gcéimeanna fáis, buainte agus fíonóireachta is féidir bunfhíonta úra glana a fháil, as a dtagann, leis an bpróiseas coipthe tánaisteach dea-bhainistithe ina dhiaidh sin, fíonta súilíneacha agus leathshúilíneacha a bhfuil foirfeacht agus galántacht ar leith ag baint leo.

Tá dlúthnasc idir cáilíocht na bhfíonta súilíneacha, na bhfíonta leathshúilíneacha agus na n-úrfhíonta fíonchaor páirtchoipthe agus meascán cineálacha an limistéir, a tháirgeann fíonchaora a bhfuil a saintréithe oiriúnach ó thaobh na teicneolaíochta de chun na cineálacha sin fíonta a dhéanamh. Ina theannta sin, ba chuidiú mór í forbairt na modhanna chun fíon leathshúilíneach agus súilíneach a dhéanamh, trí fheabhas a chur ar na modhanna níos traidisiúnta (sa bhuidéal) agus/nó trí úsáid a bhaint as trealamh úrscothach, é maidir le cáilíocht an táirge deiridh a ardú.

Tá an rud céanna fíor maidir leis na húrfhíonta fíonchaor páirtchoipthe, bídís ina bhfíonta geala, ina bhfíonta dearga nó ina bhfíonta *rosé*, a tháirgtear trí úsáid a bhaint as modh Charmat (nó Martinotti) chun úire a chur sa táirge deiridh mar aon le neart alcóil measartha.

Tá saintréithe cáilíochta catagóirí na dtáirgí fíniúna sin mar thoradh ar an idirghníomhaíocht idir na saintréithe timpeallachta (aeráid mheasartha, ghaofar agus difríochtaí maithe teochta agus ithir mhaith), cáilíochtaí teicneolaíochta na gcineálacha fíniúna agus scil na saothróirí fíona maidir leis na teicnící fáis agus fíonóireachta a roghnú.

I mbeagán focal, is é sin coincheap an 'terroir', i gcás inarb ionann táirge agus léiriú an naisc chúisigh leis an tionscnamh geografach.

C) Tuairisc ar an idirghníomhaíocht chúisíoch idir na mionsonraí dá dtagraítear i bpointe A agus na mionsonraí dá dtagraítear i bpointe B

Ba cheart a mheabhrú freisin, in éineacht lena thraidisiún tábhachtach fíonsaothrúcháin, gurb é Romagna tobar na feirmeoireachta torthaí nua-aimseartha freisin, agus toisc nach mbaineann a oiread riachtanas le fíniúnacha i ndáil le crainn torthaí, ní fhástar fíniúnacha ach ar na hithreacha is lú torthúlacht, mar atá ar leicne cnoic agus ar ithreacha 'crua' an mhachaire.

Mar gheall ar an ngrádán teirmeach idir na cnoic agus na machairí agus ar an mbogthaise níos airde sa limistéar machairí, tá feirmeoirí ísealchríche ábalta cineálacha fíniúna atá níos caoinfhulangaí ar lobhadh a roghnú, agus coinnítear na cineálacha luatha lena bhfás ag leibhéil níos airde agus ar na fánaí a bhfuil a n-aghaidheanna dírithe níos mó ó thuaidh i limistéar fíonsaothrúcháin Romagna.

Mar gheall ar aeráid an fhómhair ar minic í measartha fionnuar, bhí sé riachtanach san am atá thart na fíonchaora a thriomú chun feabhas a chur ar shaintréithe comhdhéanaimh na bhfíonta, agus dá bhrí sin ar theicníc an rísínithe.

Thairis sin, mar gheall ar an mbuaint measartha déanach, agus fómhair fhuara ina dhiaidh sin, choinnigh an fíon méid áirithe siúcra iarmharach le linn an gheimhridh agus, nuair a cuireadh i mbuidéil é, thosaigh sé ag coipeadh arís go luath i dteas an earraigh, rud as ar tháinig éifeacht nádúrtha leathshúilíneach. Mar gheall ar an gcleachtas coiteann sin, bhí meas ag muintir Romagna ar fhíonta milse agus ar fhíonta tirime araon, bídís ina bhfíonta socra, ina bhfíonta leathshúilíneacha nó ina bhfíonta súilíneacha.

Ag brath ar an tír-raon, ar an tíreolaíocht, ar an ithir agus ar an aeráid, is féidir an tsineirgíocht is fearr is féidir a aimsiú idir tosca timpeallachta agus cineálacha fíniúna chun na samplaí is fearr de na cineálacha éagsúla fíona a chumhdaítear leis an TGFC 'Rubicone' a tháirgeadh agus bunaithe ar an traidisiún áitiúil.

Catagóir an táirge fíniúna

11. Úrfhíon fíonchaor páirtchoipthe

Achoimre ar an nasc

A) Mionsonraí an limistéir gheografaigh

1) Tosca nádúrtha is ábhartha don nasc

Leanann limistéar TGFC 'Rubicone' teorainneacha Romagna a bheag nó a mhór, teorainneacha a mbíonn go leor cuir agus cúitimh fúthu agus nár socraíodh riamh ó thaobh riarachán de ach lena sainítear críoch measartha aonchineálach i dtéarmaí tíreolaíochta, ithreacha agus nádúr na ndaoine, ar mhúnlaigh stair choiteann íobartha agus cruatain iad.

Áirítear i limistéar críochaithe TGFC 'Rubicone' trí chrios gheomoirfeolaíocha ar leith, an machaire glárach, na bunchnoic agus na cnoic iad féin, agus dhá bhealach éagsúla fíonsaothrúcháin bunaithe ar an dá phríomh-mhúnla stairiúla, is iad sin an modh Gréagach agus an modh Éatrúscach.

Tá bunús geolaíoch coiteann ag Aipiníní Romagna, a théann siar go dtí an Ré Threasach, agus is éard atá iontu, tríd is tríd, foirmíochtaí aolchloiche agus cré. Is í an fhoirmíocht gheolaíoch is sainiúla in Romagna, mar gheall ar a mhéid, an fhoirmíocht ghainmheach mharla, banda a bhfuil éagsúlacht ina leithead ina bhfuil sraitheanna ailtéarnacha turbaidíte agus gaineamhchloch marla i ndiaidh a chéile. Le linn na tréimhse Meisianaí, nuair a scoitheadh an Mheánmhuir ón Aigéan Atlantach, sil-leagadh carraigeacha gailíte (cailc, ainhidrít agus cloch shalainn), atá le feiceáil go soiléir in Romanga in Vena del Gesso ['féith chailce'].

Ansin tháinig sil-leagain an Phléicéinigh, ar sil-leagain chréúla iad den chuid is mó, ar minic a bhaineann gnáth-thírdhreach clasáin leo a fhaightear sna gleannta ísle.

Is ón Ré Ceathartha dhéanach an talamh sna bunchnoic, a bhíonn cothrom den chuid is mó; is minic a bhíonn sé an-fhorbartha agus is gnách go mbíonn sé dícharbónaithe.

Leis an tsraith sin carraigeacha, mar gheall ar chreimeadh nádúrtha agus idirghabháil an duine, táirgeadh ithreacha cailcreacha, créúla agus measctha a bheag nó a mhór agus, ithreacha iarmharacha de chomhdhéanamh ilchineálach i gcás inar tharla imeacht le sruth agus creimeadh ceimiceach.

Is éard atá sa mhachaire, ar de bhunadh glárach é, ithreacha ag a bhfuil uigeacht idir dúrabhán agus chré, agus sraith iomlán de chomhdhéanaimh idirmheánacha ar éirigh le muintir Romagna iad a mheaitseáil le barra den scoth i gcónaí.

Dá bhrí sin, áirítear i limistéar an TGFC réimse leathan tír-raon, ach tá siad sin measartha aonfhoirmeach laistigh de na bandaí ag a bhfuil leithead éagsúil a ritheann go comhthreomhar le hiomaire na nAipiníní agus atá measartha cosúil le chéile ar fud na gcúigí éagsúla lena mbaineann: Bologna, Ravenna, Forlì-Cesena agus Rimini (líon níos lú ithreacha gainmheacha marla).

Ó thaobh na haeráide de, cuireann innéacs Winkler luachanna méadaitheacha ar fáil ó na hAipiníní i dtreo an mhachaire; titeann siad arís ansin i dtreo an chósta mar gheall ar éifeacht mhaolaitheach na farraige.

Athraíonn na leibhéil teochta agus frasaíochta de réir airde na limistéar éagsúil. Athraíonn an aeráid ó aeráid mheasartha fho-ilchríochach sa limistéar cnocach (an mórlimistéar le haghaidh fíonsaothraithe) go haeráid mheasartha fhionnuar sna hardchnoic, agus titeann an mheánteocht bhliantúil ó 12-14 °C go 8-10 °C agus níos ísle fós sna hAipiníní arda. Bíonn an aeráid níos ilchríochaí ar an machaire, agus bíonn na meánteochtaí bliantúla ann thart ar 14-16 °C, bíonn na dálaí sách gaofar agus d'fhéadfadh innéacs Winkler a bheith suas le thart ar 2 400 lá céime, i gcomparáid le 1 800-2 200 lá céime sna criosanna ina mbíonn airdí éagsúla agus sna cnoic. Áirithítear leis na dálaí sin go mbaintear an aibíocht is fearr amach leis na cineálacha éagsúla fíniúna a fhástar in Romagna.

Bíonn an fhrasaíocht bhliantúil idir 600 agus 800 mm bíonn sí annsan fhómhar den chuid is mó agus san earrach, ach ní a oiread céanna. Maolaítear an strus maidir le huisce i rith an tsamhraidh mar gheall ar ard-bhogthaise choibhneasta aeir, infhaighteacht uisce dromchla, ithreacha doimhne agus de bharr go dtiteann níos mó báistí sna cnoic agus go mbíonn an bháisteach scaipthe go cothrom.

Cuidíonn na tosca ithreach agus aeráide sin le limistéar geografach iomlán TGFC 'Rubicone' a dhéanamh an-oiriúnach don fhíonsaothrú.

2) Tosca daonna is ábhartha don nasc

A bhuí le huiscebhealach tábhachtach amhail Abhainn an Po agus cóngaracht na farraige tháinig sibhialtachtaí éagsúla go Romagna agus, thug siad cineálacha éagsúla fíniúna agus teicnící fáis leo. Gan amhras, b'éacht tábhachtach é ceansú na bhfíniúnacha fiáine ansin, rud atá le feiceáil fós sa lá atá inniu ann leis na fíniúnacha dé-éiciacha sna coillte péine cósta, ach bhí ionghabháil ghéiniteach na gcineálacha ón Meánoirthear go hábhar dúchasach ríthábhachtach do theacht chun cinn fíonchaor ar ardchaighdeán atá oiriúnach freisin do dhálaí fuara agus bogthaise amhail na cinn ar mhachairí Romagna.

Mar thoradh ar na dálaí timpeallachta sin treoraíodh na fíniúnacha ar chrainn arda, ionas go seachnódh siad na sraitheanna fuara san earrach (sioc déanach) agus an bhogthaise, rud a chothaíonn forbairt na ngalar fungasach. Sna limistéir chnocacha, áfach, bhain dálaí leis na cineálacha a tugadh isteach a bhí ní ba chosúla le dálaí a dtionscnaimh, agus bhíothas ábalta iad a threorú de réir ghnáthmhodh cuacha na Gréige a mhaireann fós anseo agus ansiúd sa lá atá inniu ann.

Tagraítear sna clasaicí Laidineacha ar fhíniúnacha thar a bheith táirgiúil sna limistéir idir Rimini agus Faenza, ach ní chiallaíonn sé sin nach bhfuil cáilíocht áirithe ag baint leis na fíonta a dhéantar astu, i bhfianaise cháil na bhfíonta 'Caesenas' agus 'Faventinum'. I ndiaidh thitim Impireacht na Róimhe, coinníodh fíonsaothrú in Romagna ar bun a bhuí le leanúnachas polaitiúil Impireacht na Róimhe Thoir agus le rannchuidiú na mainistreacha le forbairt teicnící chun feabhas a chur ar bharra.

Sa 15ú haois, in éineacht le fíonghoirt, d'éirigh an nós 'piantata' maidir le hilchuraíocht forleathan, agus bhain sé buaicphointe amach san 18ú haois nuair a tugadh isteach méiteagáiste, mar go rabhthas ábalta barra a fhás ar thrí leibhéal a bhuí leis: ar an leibhéal is airde bhí crainn, crainn a tháirg torthaí, duilleoga agus adhmad; ar an leibhéal idirmheánach bhí na gais fíniúna agus na triopaill fíonchaor; agus ar an talamh den chuid is mó fásadh pónairí nó barra luibheacha eile nár theastaigh mórán solais uathu.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gur tháinig meath eacnamaíoch agus sóisialta a mhair tréimhse fhada ar Romagna le linn riail na pápachta (tiarnas pápach a bhí ann ó 1559 go 1796 agus ó 1815 go 1860). Chuaigh an meath sin i bhfeidhm ar an bhfíonsaothrú freisin, sa mhéid gur thuairiscigh Coimisiúin Chúige an Lárchoiste um Chineálacha Fíniúna faoi dheireadh an 19ú haois go raibh an fíonsaothrú i ndroch-chaoi amach agus amach, agus raibh cineálacha iomadúla fíniúna agus easpa teicneolaíochta ann.

Is cinnte nár tháinig feabhas ar an scéal i ndiaidh theacht na coinclí púdraí, na coinclí clúmhaí agus na fiollocsaeire as Meiriceá. I ndiaidh an Chéad Chogaidh Dhomhanda, cuireadh tús le hathstruchtúrú na bhfíonghort a bhí scriosta ag an bhfiollocsaeire, agus cuireadh srian nach beag ar líon na gcineálacha fíniúna. Níor tharla sé go dtí na 1960í, áfach, go raibh forbairt theicniúil agus theicneolaíoch níos suntasaí ann agus gur tháinig feabhas ar fhíonsaothrú Romagna. Le srathú an eolais agus na taithí i dtraidisiún seanbhunaithe cuireadh ar a chumas do Romagna leibhéal maith cáilíochta a bhaint amach sna 1990í, nuair a bhí réimse cineálacha fíona ábalta freastal ar riachtanais is éagsúla tomhaltóirí.

B) Sonraí maidir le cáilíocht nó saintréithe an táirge atá inchurtha go bunúsach nó go heisiach i leith na timpeallachta geografaí

Faightear úrfhíon fíonchaor páirtchoipthe trí choipeadh páirteach úrfhíona fíonchaor, as a dtagann táirge atá sainiúil mar gheall ar a úire agus ar a mhionbholaithe diana torthaíocha, chomh maith lena chion íseal alcóil (ní mór an neart alcóil iarbhír a bheith níos mó ná 1 % de réir toirte agus níos lú ná 3/5 den neart alcóil iomlán de réir toirte). Sa lá atá inniu ann, faightear an táirge trí choipeadh a stopadh trí scagachán nó trí lártheifneoiriú, agus trí úsáid a bhaint as aon chóireáil agus cleachtas eile atá ceadaithe.

Tá an táirge seanbhunaithe in earnáil fíonsaothrúcháin Romagna.Dhéantaí na fíonchaora a bhrú go díreach sa chuibhreann agus ansin dhéantaí iad a aistriú chuig na siléir fíona i mbairillí,(*castellata*), dálaí lena dtosódh an próiseas coipthe luath nó mall, mar gheall, thar aon ní eile, go raibh suilfítiú láithreach neamhchoitianta agus nach raibh an t-iompar chomh tapa sin. Dá bhrí sin, tá an traidisiún mar atá úrfhíonta páirtchoipthe a dhéanamh an-sean in Romagna, agus nuair a cuireadh an táirge ar an margadh den chéad uair lasmuigh den réigiún ar scála níos mó, d'fhéadfadh sé gur úrfhíon a bhí ann, go háirithe den chineál Trebbiano Romagnolo. Scríobh Augusto Bucci an méid

seo a leanas: ‘Go deimhin, bhí aithne ar thionscal na n-úrfhíonta scagtha sa cheantar thart ar Naples ó thús an 19ú haois mar gheall ar ullmhú na bhfíonta “*lambiccato*” ann. Mar gheall ar ghéarchéim na coinclí púdraí, tháinig an táirgeadh as Puglia den chuid is mhó, a tháinig, idir an dá linn, chun bheith ina chroílár de thionscal mór úrfhíonta scagtha milse. Sa tuaisceart, thosaigh Carlo Gancia ag déanamh fíon súilíneach Iodálach a raibh ardmheas air in 1875 trí mhodh Champagne a chur i bhfeidhm ar fhíon Moscato Canelli. Bunaíodh an tionscal sin in áiteanna eile san Iodáil ansin agus, ós rud é nárbh leor an táirgeadh in Puglia a thuilleadh, thosaigh daoine ag athrú go táirgeadh in Romagna freisin, go háirithe táirgeadh Lugo, Bagnacavallo, agus Massalombarda Cotignola, etc.’ (*Vite e vino in Romagna* [Fíniúin agus fíon in Romagna], 2007).

Dearbhaítear tábhacht na n-úrfhíonta scagtha milse Romagna leis an gcéad treoir ghastranómach Iodálach, a d’fhoilsigh Cumann Taistil na hIodáile in 1931, inar dúradh: ‘Tá fíonta geala milse, scagtha i gceantar Lugo freisin, ar a dtugtar fíonta scagáite geala Romagna, a dhíoltar go forleathan’ (Club Camchuairte na hIodáile, 1931).

Amhail aon traidisiún, tagann traidisiún na n-úrfhíonta páirtchoipthe ó nósanna a scaipeadh freisin toisc gur tháinig siad ar na dálaí foirfe chun go n-éireodh go maith leis, sa chás seo, an comhthéacs timpeallachta agus meascán de chineálacha a oireann go háirithe d’úire a chur sa táirge deiridh, in éineacht le neart alcóil measartha.

Le blianta beaga anuas, tá meas á ghnóthú i dtáirgeadh agus i dtrádáil úrfhíonta páirtchoipthe, geala, dearga agus *rosé* a tháirgtear trí úsáid a bhaint as an modh Charmat (Martinotti). Stóráiltear an t-úrfhíon fíonchaor páirtchoipthe sna siléir ó cheann ceann na bliana agus úsáidtear é chun fíonta gan súilíní, fíonta leathshúilíneacha agus fíonta súilíneacha a mhilsiú. Dá bhrí sin, is táirge ilúsáide é a chuirtear ar an margadh mar tháirge ann féin agus chun ceartú a dhéanamh ar tháirgí eile, agus cuirtear feabhas mór ar a gcáilíocht mar gheall air sin. Mar gheall ar an idirghníomhaíocht idir tosca nádúrtha, taithí na n-oibreoirí agus teicnící feirmeoireachta agus fíonóireachta nua-aimseartha, is féidir fíonta ar ardchaighdeán a tháirgeadh, a bhfuil a saintréithe nasctha leis an limistéar táirgeachta agus leis na cineálacha fíniúna as a dtagann siad.

Dá bhrí sin, sa chás sin freisin, tá an nasc cúisíoch bunaithe ar cháilíocht shonrach an táirge is féidir a chur i leith an *terroir*, i.e. an tionscnamh geografach agus a chomhthéacs timpeallachta, saothraithe agus cultúrtha.

C) Tuairisc ar an idirghníomhaíocht chúisíoch idir na mionsonraí dá dtagraítear i bpointe A agus na mionsonraí dá dtagraítear i bpointe B

Ba cheart a mheabhrú freisin, in éineacht lena thraidisiún tábhachtach fíonsaothrúcháin, gurb é Romagna tobar na feirmeoireachta torthaí nua-aimseartha freisin, agus toisc nach mbaineann a oiread riachtanas le fíniúnacha i ndáil le crainn torthaí, ní fhástar fíniúnacha ach ar na hithreacha is lú torthúlacht, mar atá ar leicne cnoic agus ar ithreacha ‘crua’ an mhachaire.

Mar gheall ar an ngrádán teirmeach idir na cnoic agus na machairí agus ar an mbogthaise níos airde sa limistéar machairí, tá feirmeoirí ísealchríche ábalta cineálacha fíniúna atá níos caoinfhulangaí ar lobhadh a roghnú, agus coinnítear na cineálacha luatha lena bhfás ag leibhéil níos airde agus ar na fánaí a bhfuil a n-aghaidheanna dírithe níos mó ó thuaidh i limistéar fíonsaothrúcháin Romagna.

Mar gheall ar aeráid an fhómhair ar minic í measartha fionnuar, bhí sé riachtanach san am atá thart na fíonchaora a thriomú chun feabhas a chur ar shaintréithe comhdhéanaimh na bhfíonta, agus dá bhrí sin ar theicníc an rísínithe.

Thairis sin, mar gheall ar an mbuaint measartha déanach, agus fómhair fhuara ina dhiaidh sin, choinnigh an fíon méid áirithe siúcra iarmharach le linn an gheimhridh agus, nuair a cuireadh i mbuidéil é, thosaigh sé ag coipeadh arís go luath i dteas an earraigh, rud as ar tháinig éifeacht nádúrtha leathshúilíneach. Mar gheall ar an gcleachtas coiteann sin, bhí meas ag muintir Romagna ar fhíonta milse agus ar fhíonta tirime araon, bídís ina bhfíonta socra, ina bhfíonta leathshúilíneacha nó ina bhfíonta súilíneacha.

Ag brath ar an tír-raon, ar an tíreolaíocht, ar an ithir agus ar an aeráid, is féidir an tsineirgíocht is fearr is féidir a aimsiú idir tosca timpeallachta agus cineálacha fíniúna chun na samplaí is fearr de na cineálacha éagsúla fíona a chumhdaítear leis an TGFC ‘Rubicone’ a tháirgeadh agus bunaithe ar an traidisiún áitiúil.

11. **Tuilleadh ceanglas is infheidhme**

Teideal an cheanglais / an mhaolaithe

Léiriú roghnach ar an lipéadú

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht an Aontais

Cineál an cheanglais / an mhaolaithe breise

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gceanglas/maolú

Maidir leis an gcineál 'Passito', féadfar an téarma 'appassimento'(rísíniú) a léiriú ar an lipéad, i gcarachtair atá ar chómhéid leis an ainm 'Rubicone' nó níos lú ná é, i gcomhréir le reachtaíocht reatha an Aontais.

Teideal an cheanglais / an mhaolaithe

Maoluithe fíonóireachta agus coipthe thánaistigh

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht an Aontais

Cineál an cheanglais / an mhaolaithe breise

Maolú maidir le táirgeadh sa limistéar geografach sainithe

Tuairisc ar an gceanglas/maolú

I gcomhréir le reachtaíocht reatha an Aontais, sna catagóirí 'Fíon' agus 'Úrfhíona fíonchaor páirtchoipthe', agus sa limistéar táirgeachta fíonchaor críochaithe, féadfar oibríochtaí fíonóireachta a dhéanamh ar fud Réigiún Emilia-Romagna freisin; a mhéid a bhaineann leis na catagóirí 'Leathshúilíneach' agus 'Súilíneach', féadfar oibríochtaí próiseála (coipeadh tánaisteach) a dhéanamh freisin i réigiúin in aice le Emilia-Romagna (Veneto, an Lombaird, Píodmant, Marche agus an Tuscáin), i gcás ina bhfuil saoráidí oiriúnacha ann le haghaidh coipeadh tánaisteach.

Teideal an cheanglais / an mhaolaithe

Rialacha sonracha maidir le pacáistiú

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an cheanglais / an mhaolaithe breise

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gceanglas/maolú

Féadfar fíonta agus úrfhíonta fíonchaor páirtchoipthe ag a bhfuil tásc geografach faoi chosaint 'Rubicone' a scaoileadh lena dtomhailt i gcoimeádáin atá déanta as ábhair atá oiriúnach le bheith i dteagmháil le bia, i gcomhréir leis an reachtaíocht atá i bhfeidhm. Má dhéantar iad a phacáistiú i mbuidéil, féadfar iad a chur i láthair le haon chineál séala, lena n-áirítear stopalláin ar chruth beacán atá daingnithe le caighean miotail a úsáidtear go traidisiúnta sa limistéar táirgthe.

Tagairt leictreonach (URL) d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://www.masaf.gov.it/flex/cm/pages/ServeBLOB.php/L/IT/IDPagina/23471